An Cloċán Liaṫ

Tá an bealaċ mór ón Ṁaċaire go dtí Sean Ṁainistéar Teampall Cróna, go dona. Ba millteanaċ an bealaċ seo, de ṫairḃe na poill a ḃí ann agus an droċ ḋóiġe a ḃí air le fada fada. Ċuaiġ fear gluaisteán amáin síos an bealaċ sin an tseaċtain seo caite, agus ṫug sé spád leis agus cúpla uair ar an mbealaċ síos, b'éigin dó teaċt amaċ as an ċárr, agus na poill a líonaḋ le bealaċ a ḋéanaṁ don ċárr le dul ṫarta.

Cúis brón insan ċeantar, bás Máire Bean Uí Ḟearraiġ, An Cloċán Liaṫ, in aois a 86 bliana. Ní raiḃ an tsláinte ró ṁaiṫ aici le cúpla bliain.

Tá bród agus mórtas ar ḃun- aḋ an Ċloċáin Léiṫ as maisiúċáin an baile fá ċoinne na Nollag. Ḃí iarraċtaí ar siúl cúpla seaċtain roiṁ Nollaig, le ciste a tógáil fá ċoinne soilse nua a ḟáil agus ḃí a ṡlioċt orṫa. Ba ḃreá ar fad na soilse nua a cuireaḋ suas i mbliana. Tá an príoṁ sráid mar a ḃeaḋ tír na Sí ann. Is maisiúil an baile beag an Cloċán Liaṫ, agus ní raiḃ sé ariaṁ le feiceáil ċoiṁ maiṫ agus a ḃí nuair a ḃí soilse na Nollag suas agus gaċ rud ag féaċaint go gleoite.

Cúis brón insan ċeantar, bás Seán Mac Aoḋa, in aois a trí-scór bliain, ag Cloċ Ḃuailiḋ. Ní raiḃ an tsláinte go maiṫ aige le bliain anuas, agus ċaiṫ sé tamall agus isteaċ san Ospidéal. Ċaiṫ sé tamall dá ṡaol in Albain, agus ḃíoḋ sé tamall mar ceannaí eallaí. Ḃí meas mór air imeasc an poḃail, agus ḃí gaċ duine go maiṫ dó. Níṫear coiṁḃrón lena deartáraċa, Concuḃar Mac Aoḋa, Peadar Mac Aoḋa, Páḋraic Mac Aoḋa, agus lena ċuid deirfiúraċa, Bríd Bn. Ṁic Giolla Ċearra, Eiḃlín Bn. Uí Ṁioċáin, Glascú, agus Cissie Nic Aoḋa, Cloċ Ḃuailiḋ.

D'inis Cormac Ó Breisleáin, T.D., do Ċumann Ḟianna Fáil an Ċloċáin Léiṫ go raiḃ coṁartaí bóṫar le cur suas ag an Droiċead Beag agus ag na crois-bealaí ag dul go Mín na Croise.

Móidiú Gaeilge a ċur 'un cinn

Ag cruinniú poiblí de Ġaeilgeoirí in Óstán de Barra, Áṫa Cliaṫ an Domnaċ, 20ú Nollaig, adeir tuairisc soláṫraiṫe, h-iarraiḋ go mbeaḋ polasaí dearfá le Gaeilge a ċur mar teanga labarṫa sa leiṫċead bliain seo roṁainn. Muna ndeanaḋ an Taoiseaċ Seán Lemass agus an Cléir diċeall ceart le sin a ḋéanaṁ deirtear gur ṁóidiġ a raiḃ i láṫair gaċ beart ba gá a ḋéanaṁ ċun na cuspóirí a taḃairt 'un cinn.

Ag an gcruinniú poiblí céanna ṁol Dónall Mac Dónall, U.C.D. an rún seo leanas agus ċuidiġ Bernard Mac Donnċaḋa (Coláiste na Trionóide) leis. Glacaḋ leis an rún:

"Is mian leis an gcruinniú seo Eagarḟocal an "Irish Independent" dár ḋáta Nollaig 18, 1964, a ċáineaḋ, mar ġeall ar gur iarraċt é leis an tseanḃruíon idir Ċaitliciġ agus Protastúnaiġ a aṫ-ġríosaḋ faoi scáṫ na Gaeilge.'

Ag labairt dó faoi ábar an ċruinniṫe "Gaeilge v Eaglais? Rialtas?" dúirt Míċeál Ó Mongáin (Cúl a' tSúdaire) gur raiḃ gaċ deallraṁ ar an scéal go raiḃ Fianna Fáil ag tréigint na Gaeilge. Ní ḟéadfaí aon ḃrí eile a ḃaint as caint Ṡeáin Lemass aċ go raiḃ a ṗáirtí ag glacaḋ le uas-céim an Ḃéarla sa tír as seo amaċ. Sa litir a ċuir sé ċuig Coṁḋáil Náisiúnta na Gaeilge, níor ṡeán sé an méid a dúirt sé ag an Ard - Ḟeis, mar ní raiḃ ann aċ tacaíoċt an-ġinearálta don Ġaeilge — rud a ṫug gaċ fear polaitíoċta le dá scór bliain gan cuing coinsiasa a ċur air féin. Ní raiḃ aċ slí aṁáin le caint na h-Ardḟeise a ṡéanaḋ, sé sin tré léiriú sa bpáipéar bán agus in obair an Rialtais ina ḋiaiḋ sin "that Irish must become the general vernacular within a couple of generations"; in ionad "recognise that English will remain the general vernacular" (mar leis a n intinn sin, conus is féidir le duine ḃeiṫ ag caint faoi Aṫḃeoċána na Gaeilge?)

Léiriġ Séamas Ó Tuaṫail na faḃbanna coinsiasa a leagfar ar Ġaeilgeoirí má ṫugann an Ċléir Béarla isteaċ san Aifreann. Níorḃ ḟiú ḃeiṫ ag iarraiḋ Gaeilge ar an gCléir faoi láṫair mar ḃí sé soiléir gur cuma leis an gcuid is mó aca Gaeilge ann nó as. Ar aon nós, ní ḃeaḋ aċ beagán aca ábálta freastal ar Ġaeilgeoirí. De ḃrí sin, b'é an t-aon rud coṫrom, réasúnta, ná an Laidin a ċoimneáil go dtí go mbeaḋ faḃbanna teangan na tíre réitiṫe — agus ḃeaḋ sé soiléir i gcionn scór bliain an raiḃ bás nó beaṫa indán don Ġaeilge.

Tomás Mac Ruairí a ḃí 'na ċaṫaoirleaċ ar an gcruinniú.

Rann na Feirste

D'ḟág sé an baile buarṫa an- seo ,nuair a leaṫnaiġ an scéala go raiḃ Muiris Ó Cnáiṁsí, indiaiḋ bás ḟáil an tseaċtain seo caite. Ḃí sé ina ċónaí lena ḋeirfiúr ag Rann na Feirste, aċ ba as Carraig a tSeascainn, Gaoṫ Doḃair é. Ċaiṫ sé bunus a ṡaoil in Albain, agus is ar na mallaiḃ a ṫáinig sé na ḃaile ċun cónaí lena ḋeirfiúr. Tugaḋ an corp go Seipéal Naoṁ Muire, Gaoṫ Doḃair, áit ar ḋúirt an tAṫair S. Ó Miaṫáin, S.O., Aifreann na Marḃ, agus ċuaiġ an torraṁ na ḋiaiḋ sin go Maċaire GaLainn. Ḃí scaifte an ṁór leis an torraṁ.

Tubaist brónaċ Léanṁar

Ċuir an tubaiste do Ġráinne Bean Uí Dubgain néal bróin ar fud na paráiste a ċuir cúl ar ġairdeaċas na Nollag.

Nuair a ḃí sí ag iarraiḋ tine a lasaḋ agus ċaiṫ sí braon ola air ṗleasc an ola suas ina blaḋaire agus ċuaiġ a cuid éadaiġ le tine.

Cé gur tugaḋ gaċ tarrṫail ⁊ caḃair a b'ḟéidir diṫe ḃí barraíoċt doċar déanta ⁊ fuair sí bás den dogaḋ.

Ċuaiġ tórraṁ iontaċ mór léiṫe ó teaċ pobail Réalt na Mara Anagoire, áit ar léiġeaḋ Aifreann na Marḃ ar a son, go dtí an roiliġ.

Ní ṫáinig oiread daoine agus ba gnáṫ na ḃaile don Nollaig i mbliana cé go dtáinig tradḟail maiṫ. Ḃí teaċ an poḃail lán go maiṫ mar sin féin do na hAifrintí Lá Nollag.

Ard Teampall na Gaillime

Osclófar Ard Teampall na Gaillime i mí Lúnasa na bliana seo. Tá an foirgneaṁ ag dul ar aġaiḋ go breá agus beiḋ sé críoċnaiṫe agus maisiṫe roiṁ sin.

An Cairdinéal Cushing as Boston a ḃeiḋ mar Leagáid an Pápa ag an oscailt oifigiúil agus beiḋ ceiliúraḋ mór i nGaillim lena linn.

Gleannḃarr

Cuireaḋ stad leis an obair ar an príoṁ bealaċ mór idir Baile an Ṁuilinn agus Mullaċ ar na mallaiḃ. Idir sin agus an stad a cuireaḋ leis an mbealaċ mór nua ag Cionn an Ċnoic tá cuid mór de oibrí na h-áite seo díoṁaoin aċ leis an aimsir ḃriste ⁊ na laeṫa goiride atá ann fá láṫair tá sé intuigṫe acu gur b'ḟearr an sos go ceann cúpla mí óir saoṫar in ascaiḋ a ḃeaḋ i gcuid mór dá gcuid oibre go dtí go n-éireóiḋ an lá níos fuide agus an aimsir níos fearr. Táṫar ag dréim go mbéiḋ an obair uiliġ faoi lán tseoil arais i mí Ḟeaḃra seo ċugainn.

Cé go raiḃ an aimsir go h-an ġarḃ le goirid agus roisteaċa gaoiṫe móire ann níor ċualaṫas go ndearnaḋ damáiste ar biṫ sa ċeantar seo. Ḃí cuid de ḃádaí iascaireaċt, tráiléirí na Spáinne ar ḟoscaḋ i Loċ Súilí leis an ċuid is measa den stoirm. Indiaiḋ na stoirme ḃí cloċa sneaċta, fliċsneaċta agus tuilte fearṫaine ann.

Baineaḋ pread uafásaċ as muintir an ċeantair nuair a leaṫnaiġ an scéal ṫart go ḃfuarṫas corp Liam Ṁic Ḋaḃóig na luiġe sóigṫe go h-olc i gcúl an dorais ina ċistiniġ féin. Ba as Raṫ Guaire ,Fanad, Liam. Feirmeoir a ḃí ann agus ḃí sean aiṫne ag aċan duine sa dá ṗaróiste air. Ḃí sé 'na ċónaí leis féin ⁊ nuair a ṫug na comarsana fá dear go raiḃ sé ar iarraiḋ cúpla lá. Ċuaiġ cúpla duine díoḃ ḟad leis an teaċ aċ ḃí an doras faoi ġlas. Cuireaḋ scéal ċuig na gárdaí ar an Ċeaṫrú Ċaoil. Nuair a ṫáinig na gardaí ċuaiġ an Sairsint isteaċ ar an ḟuinneoig agus fuair sé an corp i gcúl an dorais. Nuair a ċuaiġ a ċuid éadaiġ ar ṫeine is dóiġe go dtug Liam boċt iarraiḋ ar an doras a ḟoscailt aċ níor éiriġ leis ⁊ tuit sé marḃ taoḃ istiġ. Tá an ḃrón ar fad ar fud an taoḃ seo den tír fá'n tubaiste a ṫarlóḋ do Liam. Gní muid coiṁḃrón le na ṁuintir.

Tá'n scéal ag dul go ḃfuilṫear le Coláiste Gaeilge eile a ċur ar bun ar an tsaṁraḋ seo ċugainn, sin in Íoċtar Ḟanada agus áit níos foirsteanaiġe ní ṫiocfaí a ḟáil. Tá Gaeltaċt mór leaṫan in Íoċtar Ḟanada, scoiṫ Gaeilge ann, tiṫe breáṫa, halla breá mór agus scoileanna maiṫe ann. Tá toġa múinteoirí ann agus iad uiliġ 'na gcainteoirí dúṫċasa Gaeilge. I dtaca le raḋarc de níl sarú "An Íoċtar" le fáil ar fud na hÉireann. Tá na cnoic ansin go flúirseaċ idir donn agus glas. Tá gleanntaí beaga deasa agus loċa beaga áilne ann agus ar an taoiḃ ṡiar tá'n ḟarraige ṁór ag síneaḋ amaċ go bun na spéire. Gan aṁras ḃeaḋ an áit an ḟoirstineaċ mar ionad do Ċoláiste Gaeilge.

Freagra

25 Páirc Seanóna,
Fionn Ḃrú,
Baile Áṫa Cliaṫ 9.

A Ċara,

Ċonaiceamar an litir a scríoḃ "An tIarṫar Mí-Ṡásta" ar "AMÁRAĊ" coicís ó ṡin. Má ċuireann an "tIarṫar Mí-Ṡásta" a ainm agus a ṡloinneaḋ dílís leis an litir taḃarfaiḋ mé freagra air.

Ag plé leis an gcúis seo go dtí seo sé an gnás a ḃí againn gan freagra a ṫaḃairt ar litir ar biṫ naċ raiḃ ainm agus sloinneaḋ agus seolaḋ dílís an t-é a scríoḃ í leis. Má ṫugann an "tIarṫar Mí-Ṡásta" na sonraí seo ġeoḃfaiḋ sé freagra faoi ċarna agus eile mar a fuair 'ċuile duine eile dár scríoḃ faoin gceist.

Le meas,

SÉAMAS Ó TUAṪAIL.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Tá feirm ag Aoḋ Mac Páidí', é pósta agus ina ċónaí ar na Ċruaiċe Glása cóngaraċ do ḃun na Mucaise, an áit naċ ḃfuil na beiṫiġ allta i ḃfad uaṫa. B'éigean dó cró-cearc nua a ḋéanaṁ i ndeas don teaċ agus, le linn na doininne a ḃí ann ar na mallaiḃ, ḃí gaṁain óg fá ḋídeán aige sa tsean-ċró ag barr na páirce. Oíċe aṁáin, ṫáinig an "boc rua"—gur ḃris isteaċ an doras ar tóir na gcearc. Scanraiġ an gaṁain agus ṫug boc-léim ionsair an doras aċ, insan driopas insan dorċadas, ba é an rud a rinne sé ná an doras a ḃruid amaċ air féin agus ar an ainṁí eile. Nuair a ṫáinig fear an tí ar maidin le cuid an gaṁna, ṡonraiġ sé go raḃ an téad-ċeangailte a ḃí ar ḋoras an ḃoiṫí cogarṫa. D'éiriġ sé aṁrasaċ agus ċeangail arís é go dtí go ḃfuair sé graip-aoiliġ. Isteaċ leis agus ġlac sé tamall gnoiṫeaċ aireaċ é sul ar éiriġ leis cúpla beangán a ṡá insan ainṁí allta — sionnaċ ḃaineann, fosta ,a ḃfuair sé nóta-punta isteaċ ina ġlaic ar son a díoṫaiṫe. Aċ idir an dá linn, leis an screadaċ a ḃí ag an tsionnaċ agus í a pollaḋ, d'éalaiġ an gaṁain leis ar ċos in airde agus deirtear go raḃ sé míle ó ḃaile ag Loċ Ḋoire a' Riail sula ḃfuarṫas greim air.

Ára Ṁór

Ḃí borraḋ na Nollag ṫart timpeall an Oileáin, agus le cúpla seaċtain anuas ḃí na sluaite daoine ag filleaḋ ’na ḃaile. Domnaċ agus Lá Nollag d'[illegible] an oifrióċt i dTeaċ an Poḃail, ḃí sé níos líonta ná ḃí sé ón am a ḃí na scoláirí anseo sa tsaṁraḋ. Aineoin go ḃfuil an nós ann ag cuid de na teaġlaiġ na sean daoine imeaċt anonn ċuig a gclann taoḃ eile den uisce, in ionad a gclann a ṫeaċt anall ar cuairt ċucu-san agus ar ndóiġ, tá rud le rá fá ċoinne sin fosta, nuair atá na daoine óga pósta, agus socraiṫe síos ṫall. Aċ, tá cuid maiṫ daoine as Árainn, atá ar scoltaċa i nGaillim, agus in áiteaċa eile, agus múinteoirí agus daoine eile mar iad, atá ag obair i mBaile Áṫa Cliaṫ, agus tá siadsan ag teaċt abaile fosta, rud a ḟágas cuideaċta maiṫ ar an Oileán ar feaḋ seaċtain nó dó ar scor ar biṫ.

...Rud aṁáin atá ag dul go maiṫ ar Ċósta na Rosann agus Gaoṫ Doḃair, agus na hOileáin, isea na slata mara. Tá na stoirmeaċa ag siabaḋ isteaċ níos mó, ⁊ níos mó de na slata seo, agus tá siad carnaiṫe suas ina moltraí ar aċan ċladaċ. Tá siad ċoṁ trom agus na moltraí ċoṁ mór, agus go ḃfuil sé breá furasta iad a ḃailiú, agus tá daoine ag déanaṁ airgead maiṫ ar an ḃailiú le cúpla seaċtain anuas, nó tá praġas maiṫ fána gcoinne, — suas le £7 an tonna san am i láṫair.

Ba ṁaiṫ an rud don ċeantar dá raċaḋ an Gearmánaċ ar aġaiḋ leis an scéim a ḃí aige fá ċoinne monarca próiséisiṫe feamainne, a ċur ar bun in Ailt an Ċorráin, nó áit éigin ṫart timpeall. D'ḟágfaḋ sé margaḋ cinnte fá ċoinne na slata mara.

Luas Seirḃís Bus ó Leitir Ceanainn

Fé mar tuairiscíoḋ in AMÁRAĊ (an ċéad ṗáipéar ina raiḃ sé) tá sé ṁí ó ṡoin beiḋ luas seirḃís bus ó Áṫa Cliaṫ go Leitir Ceanainn in ionad an tseirḃís traenaċ atá ag dul ar ceal.

Túsnóiḋ an seirḃís nua Dia Luain seo ċugainn, 4ú Eanair le ḋá seirḃís sa lá gaċ ḃealaċ agus ní ġlacfaiḋ an t-aistear iomlán aċ ceiṫre go leiṫ uair.

Aċ níl aon traċt ar an seirḃís a d'oirfeaḋ do Ḋún na nGall Ṫiar—seirḃís luas bus ó Sligeaċ go Cloċan Liaṫ ḋá uair sa lá le ceangal le luastraen Baile Áṫa Cliaṫ ag Sligeaċ.

Tá an táille réasúnta don seirḃís nua 35s. singilte nó £3-10-0 fillte ó Litir Ceanainn go Baile Áṫa Cliaṫ. Fágfaiḋ bus Leitir Ceanainn ar 9 a' ċlog ar maidin. Beiḋ sé i mBaile Áṫa Cliaṫ ar 1.25 agus fágfaḋ bus Áṫa Cliaṫ ar 6.20 agus beiḋ sé ṫar nais i Leitir Ceanainn ar 10.45 i.n. Is maiṫ an seirḃís seo a ċuireas ar ċumas duine dul ó Litir Ceanainn agus 5 uair a ḃeiṫ aige i mBaile Áṫa Cliaṫ agus ḃeiṫ ṫar nais an oíċe ċéanna. Aċ ar ndóiġe ní oireann sé aċ do ḋaoine coiṁgaraċ do Litir Ceanainn. .

An Margaḋ a b'Ḟearr ar Fad

Ardú ar Praġasanna agus Éileaṁ, 30-12-64.

Ceann de na margaiṫe a b'ḟearr ar fea na bliana go léir a b'ea margaḋ eallaiġ deireaḋ na bliana ar an Ċéadaoine, 30ú Nollaig, 1965.

Ḃí méadú mór sna luaċa ar beiṫí reaṁra agus beiṫí stóir agus iarraiḋ an ḃriosc ar fad orṫa.

Tóigeaḋ iomlán dá raiḃ ar tairiscint ar na luaċa arda agus ba é a ḋalta sin leis na caoiriġ é.

Ḃí 2,127 beiṫí reaṁra ar an margaḋ agus tóigeaḋ iad uile ar ṁeán luaċa 170s. ar ḃullán ⁊ 162s. 6d. ar ḃearraiġ. Ḃí ana ċoiṁlint fá na gcoinne fiú ar na luaċa sin.

Ní raiḃ oiread beiṫí stóir ar tairiscint agus ḃí éileaṁ maiṫ orṫa ar luaċa méadaiṫe. Ceannaíoḋ an 1.020 a ḃí ar tairiscint ar ṁeán luaċa 172s. ar ḃullán agus 167s. ar ḃearraiġ.

Ḃí 4,868 caoiriġ ar an margaḋ agus ḃí iarraiḋ maiṫ orṫa ar luaċa ardaiṫe. Ceannaíoḋ iad uile. Ċuaiġ uascain maiṫ £9-15s —ardú de idir 5s. agus 10s.

Cé go raiḃ níos lú muca ar tairiscint ḃí ísliú san éileaṁ agus titim san praġas. Ċuaiġ na 704 muca ar an margaḋ ar ṁeán luaċa 255s., titim de 5s.